2022. S61T V1

2022J137C1IL

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

State Examinations Commission

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2022

# Grafaic

Comhleibhéal

Dé Luain 20 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:30

280 marc

**Stampa an Ionaid**

| **Ceist** | **Marc** |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Iomlán don Pháipéar** | |
| **Tionscadal an Dalta** | |
| **Móriomlán** | |
| **Grád** | |

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**


Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Treoracha Ginearálta**:

- Freagair na ceisteanna uile
- Ní mór na tógálacha uile a thaispeáint go soiléir
- Tá na toisí uile ina milliméadair
- Níor ghá go mbeadh na grafaicí a chuirtear i láthair tarraingthe de réir scála
- Críochnaigh do chuid freagraí sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán seo
- Nuair atáthar ag úsáid T-bhacart, is féidir clúdach cúil an leabhráin seo a fheistiú ar do chlár líníochta nó ar do dheasc, ag baint úsáide as téip
- Tá spás d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin seo
  Cuir lipéad ar aon obair bhreise dá leithéid le huimhir agus cuid na ceiste
- Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

**1.** **(a)** Líon isteach an lipéad do **gach** cuid den chiorcal a thaispeántar trí rogha a dhéanamh as an liosta a thugtar.

- Leathchiorcal
- Trastomhas
- Corda
- Teascán
- Teascóg
- Imlíne



**(b)** Taispeántar ar dheis thíos cuid de phíotsa **aob**. Tá an chuid **aob** le roinnt ina dhá shlisne chothroma.


**(i)** Ar an íomhá thíos, tarraing líne ó phointe **o** a roinnfidh an chuid **aob** ina dhá shlisne chothroma.

Taispeáin na tógálacha uile go soiléir.

**(ii)** Más é tomhas na huillinne **aob** ná $60^0$, cé mhéid de na codanna seo a dhéanfadh píotsa iomlán ciorclach?

Líon na gcodanna :____________







**(c)** Taispeántar san íomhá ar dheis dearadh do chrúsca milseán.


Críochnaigh an líníocht dearaidh den chrúsca milseán thíos trí:

**(i)** Lár an chiorcail mhóir a aimsiú.

**(ii)** An líníocht mar a thaispeántar san íomhá ar dheis a chríochnú.





Taispeáin na tógálacha uile go soiléir.



**2.** **(a)** Taispeántar sa tábla thíos roinnt solad.


**(i)** Trí ✓ a úsáid cuir in iúl an t-ainm ceart ar **gach** solad.

| | |
|---|---|
|  | **Ainm:**<br>Sorcóir ☐<br>Ciúb ☐ |
|  | **Ainm:**<br>Cón ☐<br>Ciúbóideach ☐ |
|  | **Ainm:**<br>Triantán ☐<br>Pirimid ☐ |
|  | **Ainm:**<br>Sféar ☐<br>Leathsféar ☐ |

**(b)** Taispeántar sféar ar dheis.

Trí ✓ a úsáid cuir in iúl cé acu an bhfuil na ráitis seo **fíor** nó **bréagach.**


| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | In ingearchló, bíonn cuma ciorcail ar sféar. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | I mbonnchló, bíonn cuma ciorcail ar sféar. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | I gcló ísiméadrach, bíonn cuma éilips ar sféar. | ☐ | ☐ |





**(c)** Taispeántar ar dheis sorcóir a cruthaíodh trí dhronuilleog a rothlú timpeall ar ais.


**(i)** Críochnaigh sceitse saorláimhe de sholad 3-thoiseach a chruthaítear nuair a rothlaítear na cruthanna thíos timpeall ar a n-aiseanna mar a thugtar.

**(ii)** Cuir scáthú **nó** rindreáil chuí ar na sceitsí chun cuma 3T a bhaint amach.



| | |
|---|---|
|  |  |
|  |  |


**3.** Taispeántar thíos mionsamhail 3T de cheamara aicsin.
Taispeántar freisin líníocht den phainéal LCD ar dhromchla cúil an cheamara a thaispeánann leibhéal na cumhachta, Bluetooth, agus nascacht WIFI.





**(a)** Taispeántar imlíne na taispeána cumhachta thíos.


Cuir scáthú ar an taispeáint chun leibhéal na cumhachta a thaispeáint ag **80%**.




**(b)** Tá nascacht WIFI ag an gceamara chun físeáin a uaslódáil.
Taispeánann an líníocht thall lógó le haghaidh nascadh gan sreang.

Roinn an líne **AB** ina **5** chuid chothroma agus críochnaigh líníocht an lógó gan sreang thíos.

Taispeáin na tógálacha uile go soiléir.









**(c)** Tá nascacht Bluetooth ag an gceamara chun gur féidir leis nascadh le gléasanna eile.



Taispeántar ar dheis líníocht imlíneach de shiombail Bluetooth, atá bunaithe ar heicseagán rialta.

Críochnaigh an líníocht den tsiombail Bluetooth thíos.









**(d)** Taispeántar ar dheis an ceamara aicsin agus é feistithe ar thríchosach.
Tá an tríchosach bunaithe ar phirimíd thriantánbhunaithe.


Taispeántar thíos ingearchló imlíneach agus bonnchló de thríchosach atá cosúil leis.

**(i)** Críochnaigh innéacsú an ingearchló ón mbonnchló.

**(ii)** Aimsigh fíorfhad na ciumhaise **oa.**





**(e)** Taispeántar san íomhá thíos dearadh ceamara aicsin atá cosúil leis.


Tarraing:

**(i)** Ingearchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**(ii)** Bonnchló teilgthe ón ingearchló.

**(iii)** Taobhchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **B**.


**(iv)** Aimsigh fíorchruth dhromchla **S**.



**4.** **(a)** Taispeántar thíos ingearchló agus bonnchló lampa boird.
San áireamh i ndearadh an lampa tá cón barrscoite.


Sa spás a chuirtear ar fáil, tarraing **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den lampa.

Cuir dath **nó** scáthú ar an lampa.




**(b)** Líon isteach an lipéad do gach cuid den chón a thaispeántar trí roghanna a dhéanamh as an liosta a thugtar.


- Rinn
- Gineadóir
- Bonn



**(c)** Taispeántar thall líníocht imlíneach de bholgán atá le húsáid sa lampa.


Agus na toisí a thugtar á n-úsáid agat, atarraing an bolgán ar an lárlíne a thugtar.

Taispeáin na línte tógála, na tadhlaithe agus na pointí teagmhála uile.




**5.** **(a)** Taispeántar thíos dáileoir díghalráin láimhe.


Sa spás a chuirtear ar fáil, tarraing **sceitse saorláimhe** dea-chomhréirithe de thaobhchló an dáileora sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.





**(b)** Taispeántar thíos fiarlíníocht neamhchríochnaithe de chabhail an dáileora gan an lógó.

Taispeántar grafaic 3T freisin. Críochnaigh an fhiarlíníocht.






**(c)** Taispeántar thall lógó an dáileora díghalráin láimhe. Tá sé bunaithe ar pharabóil **doc** lena rinn ag **o**.




**(i)** Atarraing an pharabóil sa dronuilleog **abcd** a thugtar.

**(ii)** Críochnaigh an lógó trí thadhlaithe a thógáil ó phointe **P** go dtí an ciorcal **K**.





**(d)** Taispeántar na haiseanna aismhéadracha is gá le haghaidh theilgean isiméadrach an dáileora díghalrán láimhe.

Taispeántar ingearchló, taobhchló agus teilgean aismhéadrach neamhchríochnaithe an dáileora díghalráin láimhe.

Taispeántar freisin grafaic 3T den dáileoir.

Críochnaigh teilgean aismhéadrach an dáileora.











**6.**

**(a)** Taispeánann an íomhá thíos dearadh le haghaidh roicéad bréagáin. Tá cabhail an roicéid bunaithe ar éilips.


Meaitseáil an litir cheart leis an gcló ortagrafach cuí a thaispeántar sa tábla.
Tá ceann amháin díobh críochnaithe duit.




| | |
|---|---|
|  | |
|  | |
|  | |
|  | **B** |

**(b)** Cuir lipéad ar na codanna san líníocht thíos trí roghanna a dhéanamh as an liosta a thugtar.


- Logálaí normalach
- Tadhlaí
- Mion-ais
- Mionchiorcal





**(c)** Taispeántar san íomhá ar dheis eireaball an roicéid.
Tá dearadh an eireaball bunaithe ar chón **A** agus sorcóir **B**.

Taispeántar thíos ingearchló, taobhchló agus forbairt dromchla neamhchríochnaithe eireaball an roicéid.

Críochnaigh forbairt dromchla sorcóireach **B**.








**(d)** Taispeántar ar dheis líníocht thoisithe den roicéad bréagáin.

Is éilips é an cuar **ABCD**. Is í **AC** príomh-ais an éilips agus is í **BD** an mhion-ais.
Tá an líne **PQ** i dtadhall leis an éilips ag an bpointe **P** ar an gcuar.

**(i)** Agus fadanna na mór-aise **AC** agus na mion-aise **BD** atá tugtha thíos á n-úsáid agat, tarraing an t-éilips.

**(ii)** Agus na toisí a thugtar á n-úsáid agat, críochnaigh líníocht an roicéid bréagáin.



| Roimhe | Lch | Iom. reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

| Roimhe | Lch | Iom. reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ná scríobh ar an leathanach seo**

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go mbeadh téacs nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach bhfuil úinéireacht chóipchirt ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu, agus a d'fhéadfadh a bheith curtha in oiriúint, chun críche measúnaithe, gan réamhchead an údair/na n-údar. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5)* d'*Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear úsáid ar bith dá éis le haghaidh críche seachas an cuspóir atá beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún le dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a d'eascródh as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

Grafaic

Dé Luain 20 Meitheamh

Maidin 9:30 - 11:30